# ***Uasairde feithiclí le hathrú an 1 Samhain 2013***

## An teorainn athraithe go 4.65m

Is mian leis an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt a mheabhrú d'úsáideoirí bóithre gurb é 4.65 méadar **uasairde aon fheithicil ar bhóithre in Éirinn** - HGVanna san áireamh - ón 1 Samhain 2013 ar aghaidh. Rinne an Rialtas a bhí ann roimh an Rialtas seo na rialacháin a thugann éifeacht don teorainn seo a shíniú agus tá siad á gcur i bhfeidhm anois tar éis tréimhse 'idirlinne' shubstaintiúil, ar cuireadh i bhfeidhm ionas go mbeadh go leor ama ag an tionscal tarlaithe le bheith ullamh.

## Cúlra:

Suas go dtí 2000, bhí teorainn airde feithicle ghinearálta de 4.25 méadar i bhfeidhm. Mar sin féin, mar gheall ar an imní atá ag an gCoimisiún Eorpach gur leanadh próiseas riaracháin mícheart chun an teorainn sin a shocrú, tarraingíodh siar é i 2000. Ina dhiaidh seo, rinneadh machnamh suntasach ar na teorainneacha airde iomchuí d'fheithiclí, go háirithe i ndáil le HGVanna.
Dá bhrí sin, cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin ar an gceist seo in 2005 agus fuarthas 46 aighneacht ó dhaoine príobháideacha, ó chumainn cónaitheoirí, ó chuideachtaí agus ó chomhlachais iompair de bhóthar chomh maith le comhlachtaí eile a raibh feidhm aige orthu, lena n-áirítear na Gardaí agus Iarnród Éireann. Tar éis don phróiseas comhairliúcháin a bheith tugtha chun críche, i mí Eanáir 2007, fógraíodh go dtabharfaí isteach teorainn airde 4.65m. Ar dtús, moladh go nglacfar le tréimhse dhá bhliain 'idirlinne' chun am a thabhairt d'oibreoirí feithiclí os cionn an airde sin a bhí ceadúnaithe, cláraithe nó in úsáid roimh don teorainn airde 4.65 méadar a bheith socraithe, chun a bheith in ann fáil réidh leo ar bhealach céimnithe, ordúil agus pleanáilte.

Baineann na cúiseanna atá taobh thiar den teorainn leis an tsábháilteacht iarnróid agus le cosaint bonneagair fhisiciúil daor (m.sh. stailceanna droichid ag feithiclí ró-airde), leis an tsábháilteacht ar bhóithre, agus le cúinsí cáilíochta beatha do chónaitheoirí i gceantair uirbeacha, den chuid is mó. Is éard is cúis leis an bpointe deireanach sin ná nach féidir le feithiclí atá níos airde ná 4.65 méadar Tollán Sheáin Uí Loingsigh, Tollán Phort Bhaile Átha Cliath ná Tollán Luimneach a úsáid agus dá bharr sin caithfear iad a atreorú trí cheantair uirbeacha.

Nuair is gá feithiclí a sháraíonn an airde sin a úsáid in imthosca eisceachtúla ar líonra bóithre na tíre, beidh an córas atá ann cheana maidir le hualaí neamhghnácha in ann déileáil le hiarrataí dá leithéid. Ní rogha malartach atá i gceist leis seo in ionad an reachtaíocht a chomhlíonadh toisc nach bhfuil i gceist leis ach amháin imthosca eisceachtúla.